Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# AG STIÚRADH PLEANÁIL GHNÍOMHAÍOCHTA DEIS LE HAGHAIDH FEABHSÚ

## CUR CHUIGE BUNAITHE AR SHONRAÍ & AR THAIGHDE

## CAD É ATÁ ANN?

Tríd an gclár seo, tá rún againn cabhrú le foirne ceannaireachta DEIS iar-bhunscoile úsáid a bhaint as sonraí agus as taighde athraithe/forfheidhmithe chun phleanáil gníomhaíochta DEIS don fheabhsúchán a ghiniúint a d'fhéadfadh fíorfheabhsuithe follasacha a thionscnamh ina scoil.

## CAD É ATÁ I GCEIST?

Is clár bliana é seo ina bhfuil ceathair lá FGL aghaidh ar aghaidh, ceathair sheisiún ar líne, tacaíocht ionscoile ó Chomhairleoir Oide (CFG), agus rannpháirtíocht i bpobail foghlaim ghairmiúil le ceannairí DEIS ó scoileanna eile. Is féidir clúdach ionadaithe a fháil do mhúinteoirí a bhíonn ag freastal ar sheisiúin FGL lá iomlán.

## BUNTÁISTÍ

- Pleanáil éifeachtach DEIS, beartú nó socrú spriocanna, cur i bhfeidhm, monatóireacht agus athbhreithniú.
- Rannpháirtíocht chomhoibríoch le ceannairí eile DEIS.
- Níos mó seans go mbainfear amach spriocanna DEIS.
- Torthaí agus eispéireasaí feabhsaithe do scoláirí.
- Is féidir clúdach ionadaithe a fháil do mhúinteoirí a bhíonn ag freastal ar sheisiúin FGL lá iomlán.

## SUÍOMH

Beidh clár 2026/2027 á reáchtáil as triur ionad oideachais. Beidh siad sin ag brath ar shuíomhanna na scoileanna a bhíonn rannpháirteach.

## ACHOIMRE AR AN GCLÁR

Tá an clár praiticiúil agus ábhartha do shainriachtanais gach scoile. Ní clár staitisticí ná anailísíochta sonraí é, ach baineann sé leis an eolas agus na scileanna a chur i bhfeidhm chun ligean do cheannairí DEIS an fhaisnéis atá ar fáil dóibh a úsáid chun bonn eolais a chur faoina mbreithiúnas gairmiúil agus faoi phleanáil gníomhaíochta DEIS don fheabhsúchán. I measc na réimsí a chlúdaítear, áirítear úsáid éifeachtach sonraí, socrú spriocanna, sainaithint gníomhartha, ceannaireacht éifeachtach athraithe agus cur i bhfeidhm éifeachtach. Díreoidh na seisiúin ar líne ar fhorbairt scileanna - úsáid scarbhileoga, dearadh suirbhéanna ar líne, agus úsáid sonraí taighde.

## CÉ A BHEAS ANN?


Ceannaire sinsearach amháin (príomhoide nó LP), Comhordaitheoir DEIS agus Comhordaitheoir teagmhála baile, scoile agus an phobail. Ní theastaíonn aon réamheolas, eolas staitistiúil, matamaiticiúil ná taighde.

## CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Comhlánaigh an fhoirm léirithe spéise a bhfuil teacht uirthi ag an **nasc seo**.

@Oide_Leadership

# FORLÉARGAS AR AN GCLÁR




## INNEACHAR AN CHLÁIR

- **Litearthacht i Sonraí** - príomhshonraí a shainaithint do réimse na teamaí DEIS uile, bailiú sonraí, agus anailísiú sonraí.
- **Socrú Spriocanna Éifeachtach** - réalaíoch, indéanta, agus dírithe ar fheabhsú.
- **Pleanáil Gníomhaíochta Éifeachtach** - cur chuige bunaithe ar thaighde maidir le gníomhartha cuí a aithint chun fíorfheabhsú a chur i bhfeidhm.
- **Ceannaireacht Athraithe -** conas cur i bhfeidhm Pleanáil Gníomhaíochta DEIS don Fheabhsúchán a Stiúradh mar is ceart. Bunaithe ar thaighde ceannaireachta ar athrú eagraíochtúil níos leithne.
- **Cur i bhFeidhm Rathúil** - cuir chuige chun a chinntiú go mbíonn fíorthionchar ar an talamh ag an obair chrua a dhéanann scoileanna i bpleanáilghníómhaíochta chun feabhsú DEIS.
- **Rannpháirtíocht na Scoláirí i bPleanáil Pleanáil Gníomhaíochta DEIS don Fheabhsúchán** – cén chuma a bheadh air sin?
- **Saincheisteanna Praiticiúla** - iniúchadh ar na saincheisteanna praiticiúla agus ar na dúshláin phraiticiúla atá roimh scoileanna maidir le Pleanáil Gníomhaíochta DEIS don Fheabhsúchán.
- **Forbairt Scileanna** - scileanna le haghaidh úsáid éifeachtach sonraí ag díriú ar scileanna scarbhileoige agus bailiú sonraí.
- **Tacaíocht Scoile** - comhairleoir (CFG) le leithdháileadh ar gach scoil chun cabhrú le Pleanáil Gníomhaíochta DEIS don Fheabhsúchán.